snas TV NUACHT TG4

**01 Feabhra 2018**
**Meánleibhéal**

# Daoine óga agus an teicneolaíocht

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine óga agus an teicneolaíocht. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí thíos a aimsiú?

1. Ionnaithe ____________________
2. reachtaíocht ____________________
3. gutháin chliste ____________________
4. aipeanna éagsúla ____________________
5. na meáin shóisialta ____________________
6. rialachán cosanta leanaí ____________________
7. go príomha ____________________
8. rudaí contúirteacha ____________________
9. ár gcuid gasúr ____________________
10. comhthoil ____________________

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.




**Ceist 2** '…leanbh…' agus '…leanaí…'

1. Cuir na focail seo a leanas san uimhir iolra:
   - síciatraí
   - saineolaí
   - ógánach
   - síciteiripeoir
   - oideachasóir
2. Cad é an difríocht idir síciatraí agus síciteiripeoir?

**Ceist 3** Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

**Ceist 4** '…níos…'

1. Breac síos breischéim na n-aidiachtaí thíos a bhí le cloisteáil sa mhír.

   - dian ________________
   - óg ________________
   - fada ________________

2. Breac síos breischéim na n-aidiachtaí seo a leanas anois.

   - éasca ________________
   - breá ________________
   - saor ________________
   - minic ________________
   - cairdiúil ________________
   - aisteach ________________
   - deacair ________________
   - beag ________________
   - furasta ________________
   - gearr ________________
   - mór ________________
   - saibhir ________________

3. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí breischéim na n-aidiachtaí thuas in abairtí chun iad a chleachtadh. Mar shampla:

   *Sílim féin go bhfuil an Fhraincis níos éasca a fhoghlaim ná an Spáinnis.*

**Ceist 5** '…**in aghaidh** *an lae*…'

Cuirtear ainmfhocail a leanann réamhfhocail chomhshuite sa tuiseal ginideach de ghnáth. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú.

- ar fud
- os comhair
- ar son
- i bhfeighil
- tar éis

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An gcaitheann daoine óga an-iomarca ama ar ghutháin chliste, dar leat?

2. Ar cheart do thuismitheoirí nó ar cheart don Stát cosc a chur ar dhaoine óga faoi thrí bliana déag d'aois gutháin chliste a úsáid? Cén fáth?

3. Cad iad na fadhbanna sóisialta a eascraíonn as daoine óga a bheith ag caitheamh barraíocht ama ar na meáin shóisialta, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| 1. lonnaithe | *based, settled* |
| 2. reachtaíocht | *legislation* |
| 3. gutháin chliste | *smartphones* |
| 4. aipeanna éagsúla | *various apps* |
| 5. na meáin shóisialta | *social media* |
| 6. rialachán cosanta leanaí | *child protection regulation* |
| 7. go príomha | *primarily* |
| 8. rudaí contúirteacha | *dangerous things* |
| 9. ár gcuid gasúr | *our children* |
| 10. comhthoil | *consent* |

**Ceist 2**

1. síciatraí (*psychiatrist*) – síciatraithe
   saineolaí (*expert*) – saineolaithe
   ógánach (*youth*) – ógánaigh
   síciteiripeoir (*psychotherapist*) – síciteiripeoirí
   oideachasóir (*educationalist*) – oideachasóirí

2. Síciatraí: Tá céim sa leigheas ag an duine seo agus is féidir leis cógas a ordú.
   Síciteiripeoir: Seo an scáth-théarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar dhuine a bhfuil an traenáil aige chun cóireáil a chur ar dhaoine a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha acu.

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

1.

| | |
|---|---|
| dian | níos déine |
| óg | níos óige |
| fada | níos faide |

2.

| | |
|---|---|
| éasca | níos éasca |
| breá | níos breátha |
| saor | níos saoire |
| minic | níos minice |
| cairdiúil | níos cairdiúla |
| aisteach | níos aistí |
| deacair | níos deacra |
| beag | níos lú |
| furasta | níos fusa |
| gearr | níos giorra |
| mór | níos mó |
| saibhir | níos saibhre |

3. Cleachtadh cainte é seo.

**Ceist 5**

ar fud (*throughout*): *Bhí stailceanna ar siúl ar fud na tíre.*
os comhair (*opposite, in front of*): *os comhair an dorais*
ar son (*for, for the sake of, on behalf of*): *D'oibrigh sé go dian ar son na cúise.*
i bhfeighil (*minding, looking after*): *Tá sé i bhfeighil an tí.*
tar éis (*after*): *tar éis na hoíche*

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**
Deir síciatraí atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe le Nuacht TG4 gur cheart reachtaíocht a thabhairt isteach a chuirfeadh cosc ar ghutháin chliste a bheith ag páistí faoi cheithre bliana déag. Tá sé molta ag saineolaithe cosanta leanaí rialacháin níos déine a thabhairt isteach, le nach mbeadh fáil ag leanaí atá ró-óg ar ghutháin chliste.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Tá leanaí na tíre seo níos óige agus níos óige anois agus iad ag cur spéise i nguth※áin chliste – gutháin a mbíonn teacht orthu ar an idirlíon agus ar aipeanna éagsúla. Go deimhin, tá leanaí ag caitheamh tréimhsí níos faide ar líne agus ar na meáin shóisialta anois in aghaidh an lae. Tá sé molta ag saineolaithe cosanta leanaí rialacháin níos déine a thabhairt isteach chun dul i ngleic le hógánaigh ag úsáid gutháin chliste agus iad ró-óg, agus tá sé molta go gcuirfí cosc ar ghutháin chliste a bheith ag ógánaigh faoi cheithre bliana déag d'aois.

Is síciatraí agus síciteiripeoir í Máirín Ní Nualláin i gCathair na Gaillimhe agus aontaíonn sí gur ceart reachtaíocht a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

**Máirín Ní Nualláin, Síciatraí agus Síciteiripeoir, Gaillimh**
Sílim go gcuideodh sé go mór dá mbeadh reachtaíocht ann, reachtaíocht ón rialtas féin, mar ansin thabharfadh sé sin … chuideodh sé sin leis na tuismitheoirí agus, ag deireadh an lae, chuideodh sé leis na leanaí féin. Is féidir leo a rá lena leanaí gurb é seo an dlí agus seo a chaithfimid a dhéanamh. Ach … agus chuideodh sé go mór, mar ní dóigh liom faoi 14, go bhfuil sé ceart, an bhfuil a fhios agat, ceann de na *smartphones* a bheith, go pearsanta, ag gach leanbh.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Seo cuid de na tuairimí a bhí ag cuid den bpobal[1] ar labhair Nuacht TG4 leo inniu faoin ábhar.

**Cainteoir 1**
Bheadh sé an-deacair ar fad an dlí sin a chur i bhfeidhm. Sílim go mbraitheann sé ar na tuismitheoirí mar is iad na hoideachasóirí go príomha atá ag na páistí agus níor cheart iad a thabhairt dóibh go dtí go dtosaíonn siad ag dul chun na meánscoile.

**Cainteoir 2**
Níl aon mhaith deifriú, fiú amháin, sílim, le haghaidh dlíthe móra troma a thabhairt isteach. Ní dóigh liomsa go leigheasann dlíthe[2] mórán ar chor ar bith ar bhealach – gurb é an … go gcaithfimid tosú ag an mbonn agus a rá, 'Tá rudaí contúirteacha sa saol.' Caithfimid ár gcuid gasúr [a chosaint]. Tá sé chomh simplí leis sin.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Trí bliana déag an aois maidir le comhthoil dhigiteach[3] sa tír seo faoi láthair agus táthar ag moladh leis go láidir í sin a ardú.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 sa Ghaillimh.

---

[1] Córas na Mumhan
[2] *dlíonna* a dúradh
[3] *comhthoil digiteach* a dúradh. Tá rogha ann idir 'comhthoil dhigiteach' (bain.) agus 'comhthoiliú digiteach' (fir.).